

Físráiteas Oifig Spóirt Fhine Gall 2019-2021

Is Cuid de Spóirt Éireann, Líonra Comhpháirtíochtaí Spóirt é Oifig Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall

Is é cuspóir an Fhísráitis seo forbairt a dhéanamh ar an obair atá á déanamh ag Oifig Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall faoi láthair. Tá sé bunaithe ar ár bhfís chun pobail spóirt níos láidre, níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe a thógáil ar fud Fhine Gall. Tá sé beartaithe mar ráiteas beartais eatramhach chun cur ar ár gcumas tabhairt faoi fheidhmeanna agus nósanna imeachta atá leagtha amach i straitéis Rialtas na hÉireann, "An Straitéis Náisiúnta Spóirt 2018 - 2027". I measc na nósanna imeachta sin, tá iniúchadh ar áiseanna. Déanfaidh an t-iniúchadh sin eolas do 'Phleananna Áitiúla Spóirt', de réir mar a leagtar amach sa Doiciméad Náisiúnta Beartais.

Seo mar a shainmhíníonn Comhairle na hEorpa spóirt: Ciallaíonn "Spóirt" gach cineál gníomhaíochta coirp, trí rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil nó eagraithe, a bhfuil sé mar aidhm acu corpacmhainn agus folláine intinn a chur in iúl nó a fheabhsú, caidrimh shóisialta a chothú nó torthaí a bhaint amach i gcomórtas ag gach leibhéal".

Ár bhFís

Go mbeidh Fine Gall ina chontae ina bhfuil spóirt ag croílár na sochaí agus ina bhfuil tionchar dearfach ag spóirt ar dhaoine aonair agus pobail.

Ár dtreoirphrionsabail:

Comhpháirtíocht, Obair mar Fhoireann, Comhionannas, Acmhainn an Phobail a Fhorbairt, Gníomhú ar Bhonn Fianaise, Inbhuanaitheacht agus Cuntasacht

Ár Luachanna:

Ionracas, Meas, Imeachadh, Oscailteacht, Ionchuimsiú agus Uaillmhian

Ár nAidhmeanna:

Conairí éifeachtacha a chruthú do gach duine ionas go mbeidh siad ábalta páirt a ghlacadh i spóirt ar feadh an tsaoil, agus tús áite a thabhairt do spriocghrúpaí ina thaobh sin.

Oibriú i gcomhar le saineolaithe an Tionscail chun taighde, pleanáil agus forbairt a dhéanamh ar thionscadail agus cláir, chun iad a sheachadadh agus measúnú a dhéanamh orthu.

Leanúint de thús áite a thabhairt d'oiliúint agus forbairt saorálaithe spóirt, baill foirne agus iad siúd a oibríonn ag gach leibhéal chun spóirt a sheachadadh i bhFine Gall.

Ardán oideachais agus spóirt scoile le haghaidh ollrannpháirtíochta ar an gcaighdeán is fearr a sholáthar i bhFine Gall

Taighde a dhéanamh faoi agus tacaíocht a thabhairt chun líonra áiseanna inrochtana ar ardchaighdeán a fhorbairt chun riachtanais na bpobal méadaithe i bhFine Gall a chomhlíonadh.

Straitéisí éifeachtacha ceannasaíochta a bhunú, lena n-áirítear comhpháirtíocht leis an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach, an earnáil chorparáideach agus an earnáil dheonach.

Bainfidimid é sin amach mar seo a leanas:

1. Obair chomhpháirtíochta:

D'aithin Spóirt Éireann (SÉ) gur modhanna iontacha iad Comhpháirtíochtaí Spóirt chun spóirt a sholáthar do dhaoine áitiúla. Is cuid de líonra Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla de chuid Spóirt Éireann í Oifig Spóirt Fhine Gall agus faigheann sé maoiniú agus tacaíocht ó SÉ chun a feidhmeanna aitheanta a bhaint amach:

- Oideachas agus eolas maidir le spóirt áitiúil a sholáthar.
- Rannpháirtíocht ag gach leibhéal a mhéadú.
- Pleananna a chruthú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh spóirt áitiúil a fhorbairt go fadtéarmach.
- Struchtúr inbhuanaithe a bhunú chun tacú leo siúd a bhfuil páirt acu i bhforbairt spóirt áitiúil.
- Tionscadail agus cláir a sholáthar, ach go háirithe do spriocghrúpaí.

Leanfaimid de bheith ag obair go dlúth le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe, Rannóga CCFG éagsúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coláistí, Seirbhísí Óige, Eagraíochtaí Míchumais, An Garda Síochána, Ranna Rialtais agus grúpaí eile de réir mar is cuí.

Leanfaimid ar aghaidh freisin lenár gcomhpháirtíochtaí le roinnt Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) chun 'Oifigí Forbartha Spóirt sa Phobal' a fhostú a dhéanfaidh ar an réimse is leithne clár spóirt ionchuimsitheach agus tionscnaimh forbartha club a chomhordú agus a chur i bhfeidhm. Is bealach é spóirt chun daoine a shroicheadh agus iad a mhealladh chuig gníomhaíochtaí a thacaíonn leo torthaí a bhaint amach taobh amuigh de spóirt.

Baineann roinnt den iliomad comhpháirtithe atá againn úsáid as spóirt ar an mbealach sin chun: tacú le coireacht / iompraíocht fhrithshóisialta a laghdú, feabhas a chur ar shláinte, dul i ngleic le leithlisiú sóisialta, caidrimh a chothú agus ar mhaithe le go leor cúiseanna eile. Mar sin, cruthaíonn sé sin meicníocht lenár féidir cuspóirí Spóirt agus Forbartha Pobail na gComhlachtaí Náisiúnta Rialaithe agus de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall (CCFG) a bhaint amach.

Téamaí agus aidhmeanna straitéiseacha

	Aidhmeanna straitéiseacha	Cuspóirí	Gníomhartha
	Rannpháirtíocht	Conairí éifeachtacha a chruthú do gach duine ionas go mbeidh siad ábalta páirt a ghlacadh i spóirt ar	<i>Réimse cláir sainaoise agus sainchumais a leagann béim</i>

		feadh an tsaoil, agus tús áite a thabhairt do spriocghrúpaí ina thaobh sin.	<i>shainiúil ar spriocghrúpaí a fhorbairt agus a sholáthar</i>
			<i>Oibriú lenár gcomhpháirtithe/príomhpháirtithe leasmhara chun leanúint ag tacú le agus ag soláthar clár a bhfuil sé mar aidhm acu méadú a chur ar rannpháirtíocht, agus béim a leagan ar phríomhspriocghrúpaí mar chuid de sin</i>
			<i>Leanúint de thacaíocht a thabhairt do Chleachtadh Spóirt agus clár lena mbaineann, agus iad a sholáthar, i mbunscoileanna agus suíomhanna pobail eile.</i>
			<i>Conairí a aithint a chuirfear leibhéal ionchuimsithe níos airde i spórt agus gníomhaíocht choirp chun cinn</i>
			<i>Réimse clár rannpháirtíochta speisialaithe agus ionchuimsitheach a dhírítear ar dhaoine faoi mhíchumas a fhorbairt agus a sholáthar</i>
			<i>Buiséid a fháil agus scéimeanna maoinithe a rolladh amach chun maoiniú a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt</i>
			<i>Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar gach tionscadal, clár agus meicníocht maoinithe</i>
	Oiliúint agus Forbairt	Leanúint de thús áite a thabhairt do shaorálaithe Spóirt, baill foirne agus iad siúd a oibríonn le spriocghrúpaí áirithe a oiliúint agus a fhorbairt, lena n-áirítear múinteoirí tacaíochta agus iad siúd atá páirteach in oideachas/oideoirí (lena n-áirítear iad siúd a oibríonn le daoine faoi mhíchumas) chun réimse gníomhaíochtaí spóirt agus coirp a sheachadadh. Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí agus modhanna éagsúla.	<i>Leanúint d'fhorbairt agus méadú a dhéanamh ar an Tairseach Foghlama Fhine Gall Sláintiúil (Moodle) mar uirlis oiliúna dóibh siúd atá páirteach i spórt a sheachadadh ag gach leibhéal.</i>
			<i>Oibriú lenár gcomhpháirtithe/príomhpháirtithe</i>

			<i>leasmhara chun leanúint ag tacú le agus ag soláthar cúrsaí oideachais agus cóitseáil a chuireann feabhas ar agus a mhéadaíonn caighdeán na cóitseála / na hoiliúna i bhFine Gall.</i>
			<i>Cúrsa Corpacmhainne agus Peile don Idirbhliain speisialaithe a sholáthar.</i>
			<i>Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chlár agus tionscnaimh oiliúna agus forbartha.</i>
	Áiseanna	Tacú le líonra áiseanna inrochtana ar ardchaighdeán a fhorbairt chun riachtanais na bpobal atá ag fás i bhFine Gall a shásamh	<i>Tuairimí a lorg agus comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le hÁiseanna Spóirt Phobail nua agus atá ann nuair a iarrtar air.</i>
			<i>Tacaíocht a thabhairt i dtaca le cur chun cinn agus úsáid na n-áiseanna trí chlár ardchaighdeán a sholáthar i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara sa phobal.</i>
			<i>Úsáid áiseanna comhroinnte idir scoileanna, clubanna agus grúpaí pobail a chur chun cinn.</i>
			<i>Oiliúint agus tacaíocht spóirt a chur ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh ar bhaill foirne a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr agus is mó is féidir as áiseanna.</i>
			<i>Tacú le tionscnaimh chlár chun méadú a chur ar rochtain agus úsáid áiseanna scoile.</i>
		<i>Tacú le háis nua ilspóirt a fhorbairt sa Chontae.</i>	<i>Tabhairt faoi iniúchadh ar áiseanna / mapáil áiseanna chun éileamh a mheas agus eolas a dhéanamh d'áis(eanna) a phleanáil</i>
	Comhpháirtíocht agus Ceannaireacht	Straitéisí éifeachtacha ceannasaíochta a bhunú, lena n-áirítear comhpháirtíocht leis an	<i>Comhpháirtíochtaí oibre thar cionn a chothú agus a choimeád ag imeacht i measc na bpáirtithe</i>

		earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach, an earnáil chorparáideach agus an earnáil dheonach	<i>leasmhara go léir i rannóga Chomhairle Contae Fhine Gall agus gníomhaireachtaí seachtracha.</i>
		<i>Cur chuige inbhuanaithe i leith forbairt spóirt a thógáil.</i>	<i>Príomhghníomhaireachtaí agus Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe a aithint agus oibriú leo chun tairbhí sóisialta, eacnamaíocha agus straitéiseacha a bhaineann le spóirt a chur chun cinn.</i>
			<i>Caidrimh a bhunú le húdaráis áitiúla eile in Éirinn agus go hidirnáisiúnta chun cláir nuálacha a chur i bhfeidhm chun méadú a chur ar rannpháirtíocht agus samhlacha deachleachtais a chruthú.</i>
			<i>Monatóireacht a dhéanamh ar gach gné de cheannaireacht.</i>
			<i>Úsáid a bhaint as ár mbunachar sonraí mór de thorthaí tástála ó SportsCon chun dul i bhfeidhm ar bheartas náisiúnta amach anseo</i>
	Cumarsáid	Oibriú lenár gcomhghleacaithe chun teachtaireacht dhearfach maidir le Spóirt, Forbairt Pobail agus an obair a dhéanann an oifig Spóirt le cúnamh ó ardáin éagsúla teicneolaíochta digití a chur chun cinn	<i>Leanúint d'fhorbairt agus méadú a dhéanamh ar an Tairseach Foghlama Fhine Gall Sláintiúil (Moodle)</i>
			<i>Oibriú lenár gcomhghleacaithe i gComhairle Contae Fhine Gall agus grúpaí eile chun teachtaireacht dhearfach a bhaineann le Spóirt agus an obair a dhéanann an oifig Spóirt a chur chun cinn</i>
			<i>Úsáid a bhaint as meáin éagsúla agus béim a leagan ar ardáin dhigiteacha chun spóirt sa phobal a chur chun cinn</i>
			<i>Córas cumarsáide idir Rannóga Chomhairle Contae Fhine Gall a chruthú a chuireann méadú ar thionchar na hOifige Spóirt agus a</i>

			<i>uasmhéadaíonn na tairbhí a bhaineann rannóga eile as Spórt.</i>
			<i>Feabhas a chur ar Bhranda Fhine Gall maidir lenár gcláir agus gníomhaíochtaí spóirt.</i>

Tugadh aird ar réimse leathan beartas, straitéisí agus pleananna ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil nuair a forbraíodh an Físráiteas, lena n-áirítear:

- An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018 – 2027
- *Get Ireland Active* – Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp d'Éirinn
- Meáchan Sláintiúil D'Éirinn – Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall
- Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall 2015 - 2019
- Monatóir Spóirt na hÉireann 2017
- Beartas Spóirt Éireann maidir le Rannpháirtíocht i Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Beartas Spóirt Éireann maidir le Mná i Spórt
- Straitéis Aoisbháúil Fhine Gall 2018 - 2023
- Éire Shláintiúil - Plean Straitéiseach Fhine Gall 2018 - 2020